Personal Injuries Assessment Board

# Tuarascáil Bhliantúil 2005

© An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Baile Átha Cliath
Arna Fhoilsiú Ag Oifig an tSoláthair
Le ceannach díreach ón
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.
nó tríd an bpost ó
Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Tráchta,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
(Teil: 01-6476834/35/36/37; Fax: 01-6476843)

---

© Rialtas na hÉireann

DUBLIN
published by the Stationery Office
To be purchased directly from the
Government Publications Sales Office, Sun Alliance House, Molesworth Street, Dublin 2,
or by mail order from
Government Publications, Postal Trade Section,
51 Stephen's Green, Dublin 2.
(Tel: 01-6476834/35/36/37; Fax: 01-6476843)

---

€5.00

Meán Fómhair, 2006

Prn: A6/1511

*"An bealach a réiteach go neamhspleách do thabhairt an chúitimh atá dlite i gcrích ar bhealach cóir, pras, follasach chun leasa an phobail."*

## CLÁR NA TUARASCÁLA


RÉAMHFHOCAL LEIS AN gCATHAOIRLEACH 4

RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH 6

COMHALTAÍ AN BHOIRD & AN FHOIREANN BHAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN 8

RÁITEAS MISIN & CUSPÓIRÍ LÁRNACHA an BMDP 9

SRACFHÉACHAINT … MAR A OIBRÍONN an BMDP 9

BEARTA I gCRÍCH 2005 10

- Réamhrá 10
- Líon na nÉileamh 10
- Dámhachtainí 14
- Sábháil 16
- Tréimhse an Mheasúnaithe 17

STRUCHTÚR OIBRIÚCHÁIN an BMDP 19

- Oibriúchán 20
- Seirbhísí Taca Gnó 20
  - Tabhairt na Seirbhíse 20
  - TE agus Áiseanna 21
  - Acmhainní Daonna 21
- Seirbhísí Corparáide 22
  - Seirbhísí Dlí 23
  - Gnóthaí Corparáide 23
  - Cúrsaí Airgeadais agus Cuntais 24

AGUISÍN 1 – RÁITEAS FAOI CHÓRAS NA RIALÁLA AIRGEADAIS INMHEÁNAÍ 26

AGUISÍN 2 – REACHTAÍOCHT PHRÍOMHÚIL AGUS THÁNAISTEACH A BHAINEANN LEIS AN mBORD 28

AGUISÍN 3 – FEIDHMEANNA AN BHORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA 28

## BROLLACH NA TUARASCÁLA LEIS AN GCATHAOIRLEACH

Bhí le sonrú ar thoradh airgeadais na bliana 2005 ar caitheadh de dhúthracht agus de dhíograis chun cuspóirí an BMDP a chur chun cinn agus a bhaint amach.

Is díol suntais é an sprioc a chuir an Bord roimhe de bheith ina mhúnla gnó briseadh cothrom ó thaobh airgeadais de maidir leis an obair ag déanamh measúnaithe ar theidil chúitimh ag páirtithe a gortaíodh a bhaint amach. Is beart nár baineadh amach cheana san earnáil phoiblí, ná go deimhin i réimsí eile, a theacht chomh fada sin taobh istigh de dhá bhliain oibre nuair a chuirtear san áireamh na constaicí móra a bhí romhainn ag an tús.

Táthar an-bhuíoch chomh maith den Aire Micheál Martin, agus do lucht íoctha cánach na hÉireann, as an airgead breise a chur ar fáil ba ghá chun costas na n-imeachtaí dlí a sheasamh a thionscain líon beag daoine.

Is ábhar misnigh ag an lucht feidhmiúcháin agus ag an mBord rialaithe an tsuim a chuirtear i múnla an an BMDP thar lear. Is cosúil go bhfuil Éire arís ina ceannródaí a spreagfadh tíortha eile le rudaí a dhéanamh ar bhealach níos fearr. Níl ansin ach ceann de na buntáistí leis an rogha nua nach le hairgead a bhaineann sé. Is sásúla ná sin an fhianaise go bhfuil siad siúd atá i dteideal chúitimh ag fáil an airgid níos luaithe gan an strus a théann le dlíthíocht na sáraíochta agus, sa chomhthéacs is leithne, gan an pobal ag íoc an bhille ar chostais a bhain leis an seanchóras agus a d'fhéadfaí a sheachaint. Ní séanadh ar bith sin ar an ról ríthábhachtach atá ag na Cúirteanna. Is faoi na breithiúna amháin an ceart a chinntiú i gcásanna a chosantar. Tarlaíonn agóid dá leithéid i gcónaí, maidir le locht faoin tionóisc nó chun cur in aghaidh oiread na ndamáistí a chuirtear i gcás, go háirithe i bhfianaise na bhforálacha nua maidir le héilimh áibhéileacha faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004.


Níl san BMDP ach gné amháin de Chlár Leasaithe an Rialtais ar Chúrsaí Árachais ach tá a fheabhas a éiríonn leis ag dul níos faide ná an ról mar mheasúnóirí reachtúla a dhéanann dámhachtain maidir le cásanna a thagann faoina scáth, mar is léir ón gcultúr nua atá tagtha chun cinn. Tá deireadh tagtha, nó ar a laghad ag teacht, leis na laethanta nuair a shéanadh cosantóirí ionchais gach rud, gur tharla an tionóisc dáiríre fiú amháin, cé go mbeadh sin feicthe acu féin. Tá cur chuige níos réadúla, más le saoithínteacht féin é, tagtha ina áit gur beag is fiú dul i gcostas cuimsitheach chúrsa dlí nuair nach dócha go ndíbhfidh an Breitheamh an cás nuair atá malairt rogha anois ann a thabharfadh réiteach luath a dhéanfadh sochar don pháirtí a gortaíodh chomh maith lena bheith chun buntáiste na bhFreagróirí ar lú an costas a bhainean le hárachas dóibh anois ná mar a bhain i rith an chéid seo caite. Ní fhéadfadh nach chun leasa eacnamaíocht na hÉireann sin, go háirithe agus dúshláin nua iomaíochta i ndán i gcomhthéacs an AE leathnaithe agus ar fud an domhain ar fad.

I mo Chathaoirleach dom, ba mhaith liom buíochas a chur in iúl do Chomhaltaí eile an Bhoird as seo ar fad a chur ar ár gcumas, go háirithe an Leas-Chathaoirleach, an Seanadóir Joe O'Toole, duine de bheirt chomhaltaí arna n-ainmniú ag Comhdháil na gCeardchumann. Tá ar cheann de na buntáistí móra a bhaineann le Bord chomh tréan, glórach a bheith againn gur annamh a thagann ceist chun cinn taobh amuigh nach mbíonn curtha trí chéile cheana féin againn d'fhonn teacht ar an réiteach is mó leasa do ghach duine dá mbaineann.

Mar fhocal scoir, is mór an faoiseamh do chomhaltaí an Bhoird Rialaithe nach mbíonn aon ról againn sa mheasúnú ar an gcúiteamh maidir le haon chás ar leith, a bhuíochas sin don ról a chuireann na measúnóirí reachtúla díobh de réir na reachtaíochta le barr gairmiúlachta. Ina dhiaidh sin féin, ní fhágann an scaradh sin ó fhulaingt an duine dall sinn go bhféadann gach staitistic san ualach oibre a bheith ina dheireadh leis an ngnáthshaol ní amháin ag an Éilitheoir ach acu siúd is gaire gaol agus comhluadar dó chomh maith. Taobh amuigh de cheisteanna faoin dliteanas faoin dlí agus faoi chúrsaí airgid, d'fhéadfaí go leor den tubaiste ar fad a sheachaint leis an mbeagán cúraim sa bhreis againn uilig. Is é bun agus barr an scéil, gurbh chun sochair an uile dhuine againn, ar chúiseanna nach bhfuil cur síos ceart orthu, mura dtarlódh tionóiscí agus gortuithe ar chor ar bith. Dá mbeifí gan aon tionóisc feasta, ba bhreá sásta a dfhógródh an BMDP go rabhthas díomhaoin.

Nuair nach mar sin an cás, táthar dúthrachtach maidir le réiteach cothrom a thabhairt i gcrích a fhónann don dá pháirtí leasmhara a chomhaireann, do leas na n-íospartach i gcás tionóisc trí fhaillí agus a leas siúd a ghlacann leis go bhfuil de dhualgas orthu cúiteamh réasúnta a íoc leo siúd a gortaíodh.

Táthar ag tnúth lena gcuirtear de dhúshlán romhainn ag cur lenár baineadh amach go dtí seo ar mhaithe leo siúd dá bhfónaimid, Éilitheoirí agus Freagróirí ar daoine iad den phobal i gcoitinne a bhfuil buntáiste acu as seachaint costais mar a tharlaíonn nuair a bhaintear úsáid as an tseirbhís a chuireann an BMDP ar fáil.



**Dorothea Dowling**
Cathaoirleach

## RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Ag leanacht ar aghaidh ó bhunú an BMDP sa bhliain 2004, ba bhliain den tábhacht an bhliain 2005 againn agus na héilimh ag teacht isteach agus na chéad dámhachtainí reachtúla á ndéanamh ag deireadh na Márta 2005. Ba mhór ag gach duine a bhfuil baint acu leis an eagraíocht nua seo a chur ar bun an glacadh a bhí leis an tseirbhís nua. Tá an BMDP ag cur dámhachtainí ar fáil anois taobh istigh de thréimhse naoi mí ón toiliú agus ar chostas seirbhíse is ísle ná 10% den tsuim chúitimh féin. Chomh maith leis sin, tá cultúr nua sásaimh á chothú in Éirinn tríd an Ionad Seirbhíse ina dtarlaíonn cumarsáid ionraic, fhollasach leo siúd atá ag déanamh éilimh agus leo siúd atá ag freagairt.

Dhírigh an BMDP ar an mbealach a réiteach do luathréiteach éileamh agus baineadh sin amach trí fhónamh do chumarsáid éifeachtach idir na páirtithe ba thábhachaí, iad siúd a gortaíodh agus iad siúd a bhfuil dlite orthu cúiteamh a íoc. Is léir ón suirbhé laethúil a dhéantar ar na custaiméirí gur fearr a fhóntar don sásamh trí imscrúdú pras, rud a éilíonn an BMDP taobh istigh de thréimhse 90 lá, agus trí chóras neamhsháraíochta lena ndírítear ar chúiteamh d'íospartaigh tionóisce díobhála pearsanta agus orthu siúd atá freagrach. Scaoileann an BMDP líon íseal cásanna lena mbaineann aighneas maidir le dliteanas go dtugtar breith sna Cúirteanna orthu.


Is ríléir tionchar an BMDP ón athbhreithniú a rinneadh ar shonraí na Seirbhíse Cúirteanna ó eisíodh 15,000 Eascaire Ard-Chúirte i rith na bliana 2004 i gcomparáid le 750 i rith na bliana 2005. Tá na figiúirí níos suntasaí i gcás na Cúirte Cuarda mar ar eisíodh 20,000 Bille Sibhialta maidir le héileamh díobhála pearsanta i rith na bliana 2004 agus tuairim is 3,000 i rith na bliana 2005. Díol suntais atá ansin agus ligeann sé do na Cúirteanna díriú ar réimse leathan cásanna eile a mbíonn am na Cúirte de dhíth lena n-aghaidh.

Maidir le sábháil dáiríre ar chostas an chúitimh a thabhairt i gcrích, dearbhaíonn an BMDP sábháil dáiríre ar chostais dlíthíochta i rith na bliana 2005 de €4m. An tráth a bhfuil an tuarascáil seo á foilsiú, tá athrú ar an bhfigiúr sin go dtí €13.1m faoi mhí Iúil na bliana 2006 agus, ar líon na gcásanna faoi láthair a chur go staidéarach i leith na haimsire atá romhainn, ardóidh an figiúr go dtí os cionn €20m faoi dheireadh na bliana 2006. Ba cheart sin a mheas i gcomhthéacs é bheith dlite ar an BMDP ciste dá chuid féin a shaothrú tar éis é a bhunú le deontas de €5m agus é leagtha de chúram air dul i ngleic le timpeall is €450m de chostais dlíthíochta maidir le díobháil phearsanta. Ag deireadh na bliana 2005 rinneadh eagraíocht féinchistithe den BMDP agus soláthar do chostais reatha na háisínteachta á dhéanamh go hiomlán trí tháille amháin €900 a ghearrtar orthu siúd a bhfuil de dhliteanas orthu freagairt maidir le héileamh díobhála pearsanta. Ba throm an sainordú sin ar an BMDP anuas ar an bpríomh-shainordú maidir le laghdú ar an tréimhse ama agus ar an gcostas a bhain le cúiteamh a fháil ag an am céanna a gcinnteofaí, trí dhámhachtainí Cúirte agus socruithe idirbheartaíochta in Éirinn a leanacht, go mbeadh an leibhéal céanna cúitimh á fháil faoin gcóras nua ag Éilitheoirí díobhála pearsanta.

Baineann sin le toradh tábhachtach eile is léir ón athbhreithniú ar an mbliain 2005 againn, gur ghlac ionann is gach Freagróir le dámhachtainí an BMDP agus gur ghlac dhá thrian de na hÉilitheoirí le dámhachtainí an BMDP. Ar athbhreithniú a dhéanamh ar na héilimh sna cásanna nár glacadh le dámhachtain an BMDP, léiríonn sonraí na Seirbhíse Cúirteanna go raibh líon beag díobh i gcóras na Cúirte ina dhiaidh sin agus gur thángthas ar shocrú níos deireanaí i gcuid mhaith cásanna ar an bhfigiúr céanna a bhí molta ag an BMDP. Lena chur go hachomair, léirítear le sonraí stairiúla go mbíodh suas le 30,000 éileamh díobhála pearsanta in aghaidh na bliana á ndéanamh in Éirinn agus go mbíodh mórchuid na gcásanna sin ag leanacht tráthlíne 3 bliana go dtagtaí ar an réiteach "ag doras na cúirte". Tá na cásanna sin anois á réiteach idir na páirtithe le socrú i dtús ama de bharr an BMDP a bheith ag réiteach do chumarsáid ionraic, fhollasach idir na páirtithe nó le dámhachtain tar éis chóras dámhachtana iomlán an BMDP. Tarlaíonn dámhachtain an BMDP taobh istigh de thréimhse ama reachtúil (naoi mí ó thoilítear leis an bpróiseas) agus costas i bhfad níos ísle ag baint lena thabhairt i gcrích.

Is trí fheabhas agus ghairmiúlacht na foirne agus na foirne bainistíochta a bhain an BMDP amach na torthaí a shonraítear ar na leathanaigh a leanas. Caitear am agus dúthracht i gcónaí leis an bhforbairt ghairmiúlachta leanúnach ar fhoireann an BMDP chomh maith le hinfheistíocht straitéiseach a dhéanamh san infrastruchtúr taca agus réiteach ceannródaíochta i gcúrsaí teicneolaíochta san áireamh ó am go chéile.

Mar fhocal scoir, is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil an BDMP a chur i láthair. Dearbhaítear leis an dúthracht atá ionainn maidir leis an gcúram reachtúil atá orainn a thabhairt i gcrích. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don fhoireann, don bhainistíocht agus do Bhord an BMDP, a d'oibrigh in éineacht mar fhoireann. Ní mór dom an Bhainistíocht Feidhmiúcháin a lua go háirithe: Helen Moran, Stephen Watkins agus Maurice Priestley.



**Patricia Byron**
Príomhfheidhmeannach

# COMHALTAÍ AN BHOIRD & AN FHOIREANN BHAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN

## Réamhrá

Bunaíodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar an 13 Aibreán 2004. Is í Dorothea Dowling Uasal Cathaoirleach an Bhoird a bhfuil an Príomhfheidhmeannach, Patricia Byron Uasal, ina comhalta de chomh maith. De réir fhorálacha an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, tá siad seo a leanas ar chomhaltaí an Bhoird chomh maith:

- an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí
- Stiúrthóir Tomhaltóirí, An Rialtóir Airgeadais
- beirt arna n-ainmniú ag Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)
- duine arna ainmniú ag an Irish Business & Employers Confederation (IBEC)
- duine arna ainmniú ag Cónaidhm Árachais na hÉireann (IIF)
- daoine eile a bhfuil saineolas acu i réimsí an dlí, an leighis agus na sláinte agus sábháilteachta

## Liosta Iomlán de Chomhaltaí an Bhoird

Dorothea Dowling, Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin

An Seanadóir Joe O'Toole, Leas-Chathaoirleach (arna ainmniú ag Comhdháil na gCeardchumann)

Patricia Byron, Príomhfheidhmeannach

John Fay (arna ainmniú ag Comhdháil na gCeardchumann)

Tom Noonan (arna ainmniú ag IBEC)

Pat Healy (arna ainmniú ag Cónaidhm Árachais na hÉireann)

Carmel Foley, An Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí*

Mary O'Dea, Stiúrthóir Tomhaltóirí, An Rialtóir Airgeadais

Frances Cooke, an tAturnae Ioncaim

Frank Cunneen, iarchathaoirleach ar an Údarás Sláinte & Sábháilteachta

An tOllamh Denis Cusack, Roinn na Míochaine Fóiréinsí, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Stephen Watkins, Rúnaí

** Tháinig John Shine in áit Charmel Foley ina Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí agus ina chomhalta Boird ar an 11 Aibreán 2006*

## An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Patricia Byron, Príomhfheidhmeannach

Helen Moran, Stiúrthóir Seirbhísí Taca Gnó

Maurice Priestley, Stiúrthóir Oibriúcháin

Stephen Watkins, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáide

## RÁITEAS MISIN AGUS PRÍOMHCHUSPÓIRÍ AN BMDP

Thug an BMDP faoi chomhairleachán leathanréimseach i rith na bliana 2005 sular cuireadh le chéile an chéad Phlean Straitéise aige a fhoilseofar i rith na bliana 2006. Tá léiriú sa straitéis a sonraíodh don BMDP ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn an eagraíocht agus ar a gcuirtear de dhúshlán roimpi arna thabhairt san áireamh gur le gairid a bunaíodh é ó thaobh cuspóir agus struchtúr gnó. Tháinig an straitéis chun cinn trí shraith ceardlann leis an bhfoireann fheidhmiúcháin agus le foirne bainistíochta níos fairsinge agus treisítear tríd an straitéis leis an mbunchloch reachtaíochta agus leis an gcuspóir a bhí le bunú an BMDP. Cuirtear in iúl leis an straitéis chomh maith an dlús atá lenár baineadh amach go dtí seo agus an forás breise atá ináirithe don Bhord.

Tá seo a leanas de rún ag an PIAB: "An bealach a réiteach go neamhspleách do thabhairt an chúitimh atá dlite i gcrích ar bhealach cóir, pras, follasach chun leasa an phobail." Léirítear príomhchuspóir agus príomhbheartaíocht na heagraíochta stáit sa ráiteas sin.

Tá sé cinn d'aidhmeanna straitéiseacha sonraithe ag an BMDP chun an Misean sin a thabhairt i gcrích agus féachfaidh an eagraíocht le hiad a bhaint amach as seo go ceann cúig bliana. Cuirfear roinnt tionscnamh straitéiseach i bhfeidhm chomh maith d'fhonn na haidhmeanna sin a bhaint amach.

| | |
|---|---|
| Cuspóir 1 | Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina teideal i gcás éilimh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi scáth an BMDP. |
| Cuspóir 2 | Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh dhíobhála pearsanta a thagann faoi scáth an BMDP a ísliú. |
| Cuspóir 3 | Cultúr nuálachta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtach, shomhúnlaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais le foireann díograiseach, cumasach ann. |
| Cuspóir 4 | Seirbhís shármhaith don chustaiméir a thabhairt chun cinn trí phróiseas measúnaithe éileamh a chur ar siúl atá follasach, áisiúil. |
| Cuspóir 5 | Cur leis an tuiscint ag an bpobal ar an BMDP agus ar na buntáistí atá leis. |
| Cuspóir 6 | Cur leis an athrú ar an timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta in Éirinn. |

## SRACFHÉACHAINT ... MAR A OIBRÍONN AN BMDP

1 Cuirtear éileamh in iúl ar an teileafón trí LóGhlao 1890 829 121 Luan go Satharn (8rn – 8in nó tríd an bpost chuig Bosca O.P. 8, Cloch na Coillte, Co. Chorcaí.

2 Cuidíonn an BMDP le líonadh na n-iarratas ar an nguthán.

3 Cuirtear an tIarratas agus an Fhoirm Mheasúnú Míochaine faoi bhráid an BMDP.

4 Cuireann an BMDP fógra chuig an té a mheastar a bheith freagrach (Freagróir).

5 Toilíonn an Freagróir le Measúnú an an BMDP.

6 Déantar an Measúnú. Cuirtear suim na Dámhachtaine in iúl don Éilitheoir agus don Fhreagróir.

7 Aontaíonn an dá pháirtí leis an Dámhachtain agus eisíonn an BMDP Ordú Íoca.


# BEARTA I GCRÍCH 2005

## Réamhrá

Is é príomhghnó an BMDP measúnú a dhéanamh ar luach an chúitimh atá dlite i gcás éileamh maidir le díobháil phearsanta, an costas a bhainean leis an gcúiteamh a thabhairt i gcrích a ísliú agus ag an am céanna leibhéal dáiríre an chúitimh a choinneáil ar an gcothrom agus measúnú a dhéanamh ar éilimh taobh istigh de chreat ama a leagtar síos sa reachtaíocht agus a bhfuil laghdú suntasach i gceist leo ar an moill a bhíodh i gceist roimhe seo. Leagtar amach sa chuid seo den tuarascáil ar chuir an BMDP i gcrích i rith na bliana 2005 agus tugtar sonraí staidrimh maidir le líon na n-éileamh, cineálacha na n-éileamh agus slata tomhais feidhmíochta ar nós líon na n-éileamh ar thángthas ar réiteach orthu, an tréimhse a chaitear go ndéantar dámhachtain agus an tsábháil a bhaintear amach.

## Líon na nÉileamh

Faoi dheireadh na bliana 2005 bhí fógra faighte ag an BMDP faoi timpeall is 20,000 iarratas. Réitíodh isteach is amach le cás as gach sé cinn (c. 3,300) idir na páirtithe tar éis idirbheartaíocht tosaigh le hIonad Seirbhíse an BMDP. Bhí 2,900 éileamh eile a rabhthas ag fanacht le cáipéisí éilimh ón Éilitheoir maidir leo ag deireadh na bliana. Tugtar briseadh síos mion ar fhuílleach na n-éileamh (13,800) ag deireadh na bliana thíos:




*Líon iomlán i bpróiseas an BMDP: 7,900*

Mar is léir ón gcairt thuas, bhí measúnú déanta ag an BMDP ar tuairim is 1,000 cás faoi dheireadh na bliana. Bhí 3,800 cás eile sa phróiseas measúnaithe. Bhí toilithe ag na Freagróirí sna cásanna sin leis an BMDP ag déanamh measúnaithe ar an gcás. Tá tréimhsí ama leagtha amach faoin reachtaíocht ar gá measúnú a dhéanamh lena linn agus deimhnítear an riocht sláinte agus sonraí faoi chaillteanas airgeadais i rith na tréimhse sin. D'fhéadfadh go mbeadh gá fanacht go mbeadh riocht sláinte socraithe, go ndéanfaí scrúdú míochaine neamhspleách agus go mbeadh sonraí iomlána ar fáil faoin gcaillteanas airgeadais a tharlódh.

Mar chuid de phróiseas an BMDP, nuair a chuirtear in iúl don BMDP faoi éileamh, agus nuair a bhíonn na sonraí ar fad curtha ar fáil, téann an BMDP i dteagmháil leis an bhFreagróir (i.e. an té ar a gcuirtear an locht faoin tionóisc). Ní mór don Fhreagróir socrú taobh istigh de 90 lá cibé an dtoilítear leis an BMDP ag déanamh measúnaithe ar an éileamh.

Faoi dheireadh na bliana bhí scaoilte ag an BMDP le 4,200 cás de bharr an dá pháirtí a theacht ar réiteach maidir leis an éileamh tar éis idirbheartaíocht le hIonad Seirbhíse an BMDP nó scaoil an BMDP gan mhoill leis an gcás mar go raibh agóid i gceist leis agus go mb'oiriúnaí na Cúirteanna lena aghaidh.

Ag deireadh na bliana bhíothas ag fanacht le freagra taobh istigh de 90 lá ón bhfreagróir i 4,100 cás agus scaoil an BMDP le 700 cás eile a measadh a bheith mí-oiriúnach don mheasúnú faoi Alt 17 an Achta BMDP. Féadann an BMDP ar a thogra gan measúnú a dhéanamh ar chúiseanna éagsúla (i.e. gan dóthain cásdlí ar fáil chun críche measúnaithe, cuireadh teagasc míochaine ar gcúl, nó is díobháil siceolaíochta ar fad atá ann).

Ba cheart líon na n-éileamh a mheas i gcomhthéacs mheastachán Ghrúpa Feidhmithe an BMDP go mbeadh an BMDP ag plé le 27,000 cás in aghaidh na bliana, arna bhunú sin ar mhinicíocht na gcásanna roimh an mbliain 2002. Tá le tabhairt san áireamh le leibhéal níos ísle na gcásanna ar pléadh leo dáiríre i rith na bliana 2005 an fuadar a bhí faoi éilimh dhíobhála pearsanta a thabhairt chun cúirte i lár na bliana 2004. Cuireadh síos i dTuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna ar ardú mór ar líon na n-imeachtaí a tionscnaíodh sular tháinig an nós imeachta nua i bhfeidhm. D'eisigh an Ard-Chúirt 7,074 toghairm iomlánach i rith na tréimhse cúig lá roimh theacht an nós imeachta nua isteach i gcomparáid le 8,074 sna sé mhí roimhe sin. In oifigí na Cúirte Cuarda, eisíodh 30,482 bille sibhialta faoi dheireadh Iúil 2004 i gcomparáid le 41,181 i rith na bliana 2003 ar fad.

### Líon Toghairmeacha Iomlánacha Ard-Chúirte a eisíodh – 2003-2005

| | |
|---|---|
| 2003 | 11,245 |
| 2004 | 15,293 |
| 2005 | 742 |

→

| 1/1/04 – 16/7/04 | 17/7/04 – 22/7/04 | 23/7/04 – 31/12/04 |
|---|---|---|
| 8,074 | 7,074 | 145 |

### Líon na mBillí Sibhialta Cúirte Chuarda a eisíodh – 2003-2005

| | |
|---|---|
| 2003 | 41,181 |
| 2004 | 40,178 |
| 2005 | 22,692 |

→


| 1/1/04 – 31/7/04 | 1/8/04 – 31/12/04 |
|---|---|
| 30,482 | 9,696 |


* Eolas as Tuarascálacha Bliantúla na Seirbhíse Cúirteanna (2004 agus 2005)

Chuir an fuadar a bhí faoi chásanna chun dlíthíochta díreach roimh an BMDP isteach ar líon na n-éileamh a bhí ar fáil don BDMP lena réiteach i rith na bliana 2005. De réir cosúlacht ní raibh an líon ar an gcothrom fós ag deireadh na bliana agus is cosúil ó na meastacháin tosaigh faoi éilimh na bliana 2006 gur dócha go mbeidh an figiúr maidir le héilimh a chuirtear in iúl isteach nó amach le idir 24,000 agus 26,000 cás in aghaidh na bliana as seo amach. Bheadh athbhreithniú le déanamh arís air sin i bhfianaise thionchar na mbearta bainistiú baoil atá ag teacht i bhfeidhm i.e. Bearta Sábháilteachta ar Bhóithre agus san Ionad Oibre.

### Briseadh síos de réir Catagóirí ar éilimh a cuireadh in iúl

As an 20,000 éileamh a cuireadh in iúl don BMDP, is éilimh maidir le Dliteanas Mótair (DM) an chuid is mó acu. Éilimh den chineál sin beagnach leath na n-éileamh ar fad agus is léir ó na pátrúin go bhfuil ardú ag teacht ar a líon i gcónaí. Is lú cásanna Dliteanas Poiblí (DP), tionóiscí a tharlaíonn in áit phoiblí, agus Dliteanas Fostóra (DF), tionóiscí a tharlaíonn ag an obair, a bhí ann.



**Briseadh síos tíreolaíochta de réir ionad na tionóisce.**

| Contae an Éilitheora | % den daonra arna bhriseadh síos de réir na gcontaethe de réir an LOS* | % éileamh in aghaidh an chontae | Difríocht |
|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | **1.17%** | **0.89%** | **-0.29%** |
| An Cabhán | 1.44% | 1.93% | 0.49% |
| An Clár | 2.64% | 2.07% | -0.57% |
| **Corcaigh** | **11.43%** | **14.83%** | **3.39%** |
| Dún na nGall | 3.51% | 2.83% | -0.68% |
| **Baile Átha Cliath** | **28.66%** | **27.48%** | **-1.18%** |
| Gaillimh | 5.34% | 3.74% | -1.59% |
| Ciarraí | 3.38% | 3.32% | -0.07% |
| **Cill Dara** | **4.19%** | **4.07%** | **-0.11%** |
| Cill Chainnigh | 2.05% | 1.37% | -0.68% |
| **Laois** | **1.50%** | **1.08%** | **-0.42%** |
| **Liatroim** | **0.66%** | **0.65%** | **-0.01%** |
| **Luimneach** | **4.48%** | **7.35%** | **2.87%** |
| An Longfort | 0.79% | 1.22% | 0.42% |
| Lú | 2.60% | 3.62% | 1.02% |
| Maigh Eo | 3.00% | 1.67% | -1.33% |
| An Mhí | 3.42% | 3.78% | 0.36% |
| **Muineacháin** | **1.34%** | **0.88%** | **-0.46%** |
| Uíbh Fhailí | 1.63% | 1.49% | -0.13% |
| **Ros Comáin** | **1.37%** | **1.02%** | **-0.36%** |
| Sligeach | 1.49% | 1.28% | -0.20% |
| **Tiobraid Árann** | **3.58%** | **4.03%** | **0.45%** |
| Port Láirge | 2.59% | 2.53% | -0.07% |
| An Iarmhí | 1.83% | 1.57% | -0.26% |
| Loch Garman | 2.98% | 2.34% | -0.64% |
| Cill Mhantáin | 2.93% | 2.97% | 0.04% |

E.g.: Tá 1.17% de dhaonra na hÉireann i gContae Cheatharlach. 0.89% de na héilimh ar fad in Éirinn a tháinig as an gContae.

* Eolas LOS bunaithe ar Dhaonáireamh 2002, Daonra gach Cúige, Contae agus Cathrach, 2002.


Léirítear le hanailís ar fhigiúirí na bliana 2005 go ndéantar éilimh maidir le gortú pearsanta ar fud na tíre i gcomhréir a bheag nó a mhór le leibhéal an daonra. As Baile Átha Cliath a thagann an líon is airde éileamh agus as Liatroim an líon is ísle. As Luimneach a thagann an líon is airde éileamh in aghaidh an duine.

| | |
|---|---|
| **Barraí** | = *Contaetha leis an Líon is Airde Éileamh 2005 (mar % de líon iomlán na n-éileamh)* |
| **Barraí** | = *Contaetha leis an Líon is Airde Éileamh 2005 (mar % de líon iomlán na n-éileamh)* |

## Dámhachtain

Measúnú a dhéanamh ar luach an chúitimh atá dlite d'íospartaigh tionóisce bunfheidhm an BMDP. Nuair a thagann eolas míochaine agus eolas ábhartha eile, eisíonn an BMDP Dámhachtain chuig an Éilitheoir agus an Freagróir. Tá 28 lá ag an Éilitheoir chun glacadh leis an Dámhachtain nó diúltú di. Tá 21 lá ag an bhFreagróir chun glacadh leis an Dámhachtain nó diúltú di. Sa chás go nglacann an dá pháirtí leis an Dámhachtain nó má ghlacann an tÉilitheoir leis an Dámhachtain agus má theipeann ar an bhFreagróir freagra a thabhairt taobh istigh den tréimhse 21 lá, eisíonn an BMDP Ordú Íoca ag ordú don Fhreagróir an cúiteamh a íoc leis an Éilitheoir. Tá Ordú Íoca ar aonstádas le Foraithne Cúirte.

De réir mar a bhí na chéad chásanna ag déanamh a mbealaigh tríd an gcóras nua, rinne an BMDP an chéad Dámhachtain i mí Márta 2005. Léirítear sa tábla thíos líon na nDámhachtainí ag ardú i rith na bliana 2005. Rinneadh 951 Dámhachtain sa bhliain 2005 agus 800 Dámhachtain sa bhreis i rith an chéad ráithe den bhliain 2006. Táthar ag tuar figiúr ceann bliana don bhiain 2006 de 4,500 Dámhachtain agus tá 10,000 á thuar don bhliain 2007. Tá sin sa bhreis ar na héilimh a dtagtar ar réiteach orthu trí Ionad Seirbhíse an BMDP.



## Anailís ar na Dámhachtainí a Rinneadh

**Dámhachtainí a Eisíodh – Nollaig 2005: 951**

Ag deireadh na bliana, bhí éagsúlacht idir na rátaí glactha idir 67% maidir le cásanna Tionóisc Mótair agus 70% i gcásanna Dliteanais Phoiblí agus ráta iomlán de 70%.

Ba mhinice Éilitheoirí ag diúltú ná Freagróirí mar a leagtar amach thíos

| **Briseadh síos ar chásanna Diúltaithe:** | **Iomlán 30%** |
|---|---|
| Diúltú ón Éilitheoir amháin | 24% |
| Diúltú ón bhFreagróir amháin | 4% |
| Diúltú ón Dá Pháirtí | 2% |

Mar a leagadh amach níos luaithe, ní mór don dá pháirtí glacadh le Dámhachtain le go mbeadh ar chumas an BMDP Ordú Íoca a eisiúint (glactar leis gur glacadh éagmaise é mura dtagann freagra ón bhFreagróir).

Tá tosaithe ag an BMDP ar anailís a dhéanamh ar na cúiseanna a bhíonn le diúltú cásanna. Tá le sonrú go socraítear roinnt de na cásanna diúltaithe ag an leibhéal céanna tráth is faide anonn agus tá roinnt fianaise ann go ndiúltaíonn roinnt comhlachtaí dlíodóirí, thar ceann Éilitheoirí, Dámhachtainí i bhfad níos minice ná an meánráta diúltaithe. I roinnt cásanna, tá sonraithe againn go dtagtar ar shocrú sna cásanna diúltaithe sin tráth is faide anonn le suim mar a moladh cé gur iarraidh suim bhreise ar an bhFreagróir. Leanann an BMDP den anailís ar chásanna diúltaithe agus ar leibhéal na ndámhachtainí a dhéantar sna Cúirteanna d'fhonn cinntiú go dtagann Dámhachtainí an BMDP le leibhéal reatha na ndámhachtainí sa tír.

## Gnéithe de na Dámhachtainí

Bíonn suimeanna i ndámhachtain de chuid an BMDP maidir le:

- Damáistí Ginearálta mar chúiteamh ar phian agus ar fhulaing, agus
- Damáistí Speisialta maidir le:
  - Cailleadh Ioncaim
  - Billí Lucht Leighis
  - Costais caiteachais agus damáiste do mhaoin, má thagann i gceist.

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh caillteanais agus/nó costais ináirithe i.e. ioncam, cóir fhisiteiripeach leanúnach etc. a bheith i gceist. Tagann dámhachtainí an BMDP leis na leibhéil reatha cúitimh atá le híoc sa tír seo mar a éilítear faoi Acht an BDMP 2003.

**Cúiteamh Iomlán ar Glacadh leis sa bhliain 2005 €11,268,936**

Leagtar amach meánluach an chúitimh de réir na gcatagóirí thíos

- DM - €15,074
- DF - €25,908
- DP - €16,894

*Nóta: Baineann leibhéil éagsúla na meándámhachtaine le héagsúlacht maidir le cineál na ngortuithe agus/nó an chaillteanais a fulaingíodh.*

## Dámhachtainí de chuid an BMDP ar glacadh leo arna rangú de réir leibhéil

- Tá 82% de na Dámhachtainí ar glacadh leo níos ísle ná €20,000 nó cothrom leis
- Tá 94% de na Dámhachtainí ar glachadh leo i réimse dámhachtaine na Cúirte Cuarda i.e. suas le €38,000
- An Dámhachtain ab ísle €1,350
- An Dámhachtain is airde €405,711
- Tá 59% de na Dámhachtainí idir €10k agus €20k

### Dámhachtainí de chuid an BMDP ar glacadh leo arna dtabhairt de réir an luach (2005)

| Réimse € | % |
|---|---|
| < 10k | (23%) |
| 10k – 20k | (59%) |
| 20k – 30k | (9%) |
| 30k – 38k | (3%) |
| 38k – 100k | (5%) |
| 100k – 1m | (1%) |
| Iomlán | (100%) |

Is léir ó Thuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna 2005 go raibh 84% de na Dámhachtainí Cúirte i gcásanna Díobhála Pearsanta níos ísle ná €38,000 (Uasteorainn na Cúirte Cuarda) i gcomparáid le 94% de Dhámhachtainí an BMDP taobh istigh den réimse céanna. Tagann na staitisticí sin leis an bpátrún stairiúil agus nuair nach raibh castacht mhór ná luach ard i gceist leis an gcuid is mó de na héilimh Dhíobhála Pearsanta.

## Sábháil

De réir na tuairisce a thug an Bord Comhairle maidir le hÁrachas Mótair (BCÁM), b'ionann na barrchostais dlíthíochta don bhliain 2003, arna dtabhairt mar chéatadán den chúiteamh, agus 46%. Íocaíodh beagnach €1 billiún mar chúiteamh i rith na bliana 2004 suim a d'fhágfadh barrchostas dlíthíochta de timpeall is €450 milliún i.e. 46% de €1 billiún.

I gcodarsnacht leis sin, chun cúiteamh ar glacadh leis de luach €11,268,936 a thabhairt i gcrích, costas iomlán de €853,195 a bhain leis san BDMP, arna thiomsú as táille an Éilitheora, €50, táille an Fhreagróra, €850*, €150 maidir le tuairisc leighis (nach scrúdú nua a bhaineann leis seachas tuairisc ar an gcóireáil a chuir dochtúir na cóireála ar an íospartach) agus an fuílleach atá le híoc maidir le tuairiscí neamhspleácha eile (tuairiscí leighis den chuid is mó ach tuairiscí achtúireachta, innealtóireachta etc. chomh maith nuair is gá). €1,300 an gnáthchostas a bhaineann le héileamh Díobhála Pearsanta a ndéanann an BMDP measúnú air gan bheann ar leibhéal an chúitimh a bhíonn i gceist.

Tá costais an BMDP i bhfad níos ísle ná costais dlíthíochta. Ag tagairt do thorthaí thuarascáil an BCÁM, seo a leanas an tsábháil a bhí i gceist:

| | |
|---|---|
| Suim Cúitimh ar Glacadh leis sa bhliain 2005 | €11,268,936 |
| Costais an BMDP ag Tabhairt na nDámhachtainí ar Glacadh Leo i gCrích sa bhliain 2005 | €853,195 |
| Costais Dlíthíochta Chóras Dlíthíochta réamh-BMDP (barrchostas 46%) | €5.18 milliún |
| Sábháil Dáiríre (an BMDP v Córas Dlíthíochta) | €4.32 milliún |


Thabharfadh sin le tuiscint gur tharla sábháil dáiríre os cionn €4 milliún faoi dheireadh na bliana 2005.

*Nóta 1: I dtéarmaí praiticiúla, chosnódh dámhachtain €30,000 timpeall is €1,300 trí chóras an BMDP i gcomparáid le costas timpeall is €14,000 le dlíthíocht, sábháil dáiríre de €12,700 chomh maith le creat ama i bhfad níos giorra maidir lena thabhairt i gcrích.*

*Nóta 2: * Ardaíodh Táille an Fhreagróra go dtí €900 i mí Mheitheamh 2006.*

Faoi dheireadh R1 2006, agus tuilleadh Dámhachtainí eisithe agus aontaithe, bhí an tsábháil ardaithe go dtí €6.5m, go dtí €13.1m faoi lár na bliana, agus tá figiúr os cionn €20 milliún á thuar faoi dheireadh na bliana 2006.

**An BMDP Sábháil á Thuar maidir le Costas Beartaíochta 2005-2006**




## Tréimhse an Mheasúnaithe

Sular tugadh isteach an BMD, rinneadh talamh slán de le torthaí BCÁM go raibh blianta á gcaitheamh sula dtugtaí cásanna díobhála pearsanta chun críche. Leagadh béim sa Dara Tuarascáil ón nGrúpa Oibre Speisialta maidir le Cúiteamh i gcás Díobhála Pearsanta (Tuairisc McAuley), 1999 ar an moill a bhain an tráth sin le hÉilimh Dhíobhála Pearsanta a shocrú. Bhíodh idir 3 bliana agus ceithre bliana caite ar an meán idir dáta na tionóisce agus dáta na trialach.

### Tráthlínte Dlíthíochta


| | Meán-achar Ama |
|---|---|
| **Idir Tionóisc agus Triail** | c. 3-4 bliana |


*Foinse: Tuarascáil McAuley 1999 (lch.119)*

Tá dlite ar an BMDP faoin reachtaíocht measúnú a dhéanamh ar éilimh taobh istigh de 9 mí ó thoilíonn an Freagróir le próiseas an BMDP. Beidh cásanna ann nuair nach mbeidh tuairim shocair leighis ar fáil taobh istigh den tréimhse sin agus foráltar sa reachtaíocht do shíneadh ama i gcás mar sin. Cásanna eisceachta iad sin agus tagann ar tharla i gcás ár gcuid oibre féin le torthaí an MIAB gur nach mórán castachta a bhaineann leis an gcuid is mó de na cásanna Díobhála Pearsanta.

Tugadh cásanna a tháinig trí phróiseas iomlán an BMDP chun críche in aon trian den chreat ama nó trí huaire níos luaithe ná mar a thiocfaí ar réiteach le dlíthíocht. Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas creata ama mionsonraithe maidir leis an bplé le cásanna BMDP.

## An PIAB Tráthlíne




* Déantar Dámhachtain de chuid an BMDP taobh istigh de 9 mí

** Meántréimhse ama Dlíthíochta 3-4 bliana - Foinse: Tuarascáil McAuley 1999


## AN STRUCHTÚR EAGRÚCHAIN SAN BMDP

Tá struchtúr eagrúcháin solúbtha, éifeachtach curtha le chéile ag an BMDP is féidir a mhúnlú de réir athruithe sa timpeallacht inmheánach nó sa timpeallacht sheachtrach. An Príomhfheidhmeannach atá mar cheann ar struchtúr eagrúcháin an BMDP agus Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin, foireann Bhainistíochta Ginearálta agus foireann de 49 ball foirne mar chúltaca leis ag deireadh na bliana 2005. Tá na fostaithe lonnaithe in oifigí an BMDP i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Chomh maith leis sin, tá ionad seirbhíse seachtraí ar conradh ag an BMDP, lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí, ina ndéileáltar le hullmhúchán na n-éileamh, le bearta a mbaineann líon ard leo agus le Líne Fónaimh an BMDP a oibriú.

Tá struchtúr inmheánach an BMDP eagraithe ina thrí rannóg, eadhon: Seirbhísí Taca Gnó, Oibriúchán agus Seirbhísí Corparáide. Leagtar amach cairt eagrúcháin ina léirítear struchtúr oibriúcháin an BMDP sa léaráid thíos.

Tugtar cur síos achomair ar gach rannóg ina dhiaidh sin. Is go díreach leis an mBord a thuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach atá ina Chomhalta iomlán den Bhord.

### Cairt Eagrúcháin an BMDP



## Oibriúchán

Déanann rannóg an Oibriúcháin taobh istigh den BMDP bainistíocht ar an Ionad Measúnaithe atá lonnaithe i dTamhlacht. Is ansin a dhéantar an príomhghnó maidir le measúnú a dhéanamh i gcás gortuithe pearsanta. Tá foirne measúnaithe, ar a bhfuil measúnóirí agus foireann taca, sa rannóg agus an Stiúrthóir Oibriúcháin i gceannas.

Tá an BMDP dúthrachtach maidir le hathbhreithniú seasta ar chaighdeán na seirbhíse a thugtar do na príomhchustaiméirí aige (Éilitheoirí agus Freagróirí) agus ar an éifeachtacht a théann leis an modh oibre. Dá réir sin, rinne an BMDP athbhreithniú i rith na bliana 2005 ar an tseirbhís a thairgtear agus cuireadh feabhas air. Chomh maith leis sin, tá clár Dearbhú Cáilíochta ar bun.

## Seirbhísí Taca Gnó

Tá Seirbhísí Taca Gnó freagrach as na réimsí seo a leanas:

- An tseirbhís a thabhairt, lena n-áirítear an tIonad Seirbhíse agus an fhoireann taca inmheánach don Ionad Seirbhíse;
- Seirbhísí AD ar a n-áirítear earcaíocht, roghnú, socrúchán, oiliúint agus forbairt;
- TE agus Saoráidí lena n-áirítear infrastruchtúr agus córais thábhachtacha gnó a chur ar fáil agus a chothabháil;
- Painéil Neamhspleácha e.g. painéal dochtúirí neamhspleácha, painéal achtúirí agus saineolaithe eile a chuidíonn leis an BMDP sa phróiseas measúnaithe.

### Tabhairt na Seirbhíse

Agus seirbhís ardchaighdeáin á tabhairt, bíonn de rún ag an BMDP a chinntiú go mbíonn na custaiméirí an-sásta leis an tseirbhís a thugtar dóibh. Tá glactha leis ón tús ag an BMDP gur gá béim láidir a chur ar sheirbhís ardchaighdeáin chun an misean atá aige a bhaint amach. D'fhonn an fócas sin a thabhairt i gcrích, oibríonn an BMDP Líne Fónaimh LóGhlao 1890 829 121 sé lá den tseachtain ón 8rn go dtí an 8in tríd an Ionad Seirbhíse.

Ligeann monatóireacht gach lá agus dearbhú cáilíochta don Bhord cinntiú go mbaintear amach ardchaighdeáin sa chúram don chustaiméir agus go mbítear seasta ag cur barr feabhais orthu. Faoi láthair, tá ráta sástachta os cionn 90% ann agus roinnt tuairimí an-mholtacha á gcur in iúl ag custaiméirí e.g.

> *"I found the process to be very efficient. I was dealt with very quickly and understood all the information given. Opening hours are great"*
>
> *"I found the whole process very helpful"*
>
> *"The person I spoke to was very knowledgeable and helpful"*
>
> *"The website was very good and had lots of information; Agent was very good at explaining the various options available to me"*

Coinníodh leibhéil seirbhísí maidir le freagairt an ghutháin os cionn 95% agus an tIonad Seirbhíse ag plé le níos mó ná 40,000 glao i rith na bliana 2005.

Rinneadh tráchtaireach an-mholtach ar an BDMP i rith na bliana 2005 a chruthaigh tuiscint mhaith ar an BMDP i measc an phobail. I measc na gceannlínte i rith na tréimhse sin, bhí siad seo a leanas:

**Injuries Board Settling Claims Faster and Cheaper – Irish Times 14 Meán Fómhair 2005**

**Injuries Board a resounding success story – Irish Examiner 14 Meán Fómhair 2005**

**Injuries Board to Save €60m in legal costs – Irish Times 14 Meán Fómhair 2005**

## TE agus Saoráidí

Tá an BMDP dúthrachtach maidir lena chinntiú go mbaintear buntáiste as Teicneolaíocht Chumarsáide Eolais (TEC) chun an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht is fearr is féidir a chinntiú san eagraíocht. Tá Aonad Theicneolaíocht an Eolais (TE) san BMDP freagrach as na Córais agus an Infrastruchtúr Teicniúil is gá chun cuidiú le seirbhísí an BMDP a chur ar fáil a fhorbairt, a chur isteach agus a chothabháil.

Mar chuid den straitéis tionscanta, rinne an BMDP ardán teicniúil daingean ar chaighdeán tionsclaíoch a fhorbairt agus a chur sa siúl maille le cláir thábhachtacha a bheadh mar thaca le riachtanais ghnó faoi láthair agus san am atá ag teacht. Roghnaíodh agus cuireadh isteach na príomhchórais is tábhachtaí maidir leis an ngnó a thabhairt i gcrích ó sholáthraithe éagsúla agus cuireadh chun feidhme iad. Tá córas bainistíochta maidir le cásanna (stóráiltear gan cáipéis i bhfoirm leictreonach), córas airgeadais, ríomhphost, córas uathoibrithe oifige agus an t-infrastruchtúr cumarsáide is cúltaca don Ionad Seirbhíse ina measc. Tá an BMDP ag déanamh athdheartha ar an suíomh idirlín faoi láthair (www.piab.ie) chun cinntiú go mbíonn an córas láneolais agus furasta a láimhseáil chomh maith le roghanna áisiúlachta a bheith ar fáil do chách.

Réitíonn na córais seo an bealach do phróiseáil atá éifeachtúil ó thaobh costais agus do thabhairt sheirbhís measúnaithe an BMDP i gcrích go tráthúil chomh maith le heolas fiúntach a chur ar fáil maidir le hoibriú na heagraíochta ó lá go lá.

Seo a leanas roinnt bearta eile a baineadh amach i rith na bliana 2005

- teacht ar phríomhchórais ag gach úsáideoir san BMDP 99.99% den am (Luan go Satharn 8rn go dtí 8in)
- Tugadh tuairim is 1m cuairt ar an suíomh idirlín www.piab.ie i rith na bliana 2005
- Tugadh inlíon chun cinn agus cuireadh ag obair go hinmheánach é
- Cuireadh córais bhreise taca ag obair
- Bhí TE chun cinn chomh maith le ról tábhachtach a bheith aige i roinnt tograí a bhain leis an ngnó ar fad
- Tá an Struchtúr Teicniúil a cuireadh i bhfeidhm ag an tús ag déanamh an bhirt agus ag tacú leis an ngnó i.e. níor theastaigh aon athrú bunúsach sa struchtúr
- Cuireadh le chéile Plean Leanúnachais Gnó Cuimsitheach

Tá an straitéis TEC mar chrann taca faoi láthair leis an ngnó atá ann. De réir mar a dhéanann an BMDP athbhreithniú ar an Straitéis Gnó atá aige déanfar athbhreithniú ar an Straitéis TEC chun cinntiú go bhfuil sé ag teacht le Straitéis 2006 – 2010 an BMDP agus go mbíonn fiúntas i gcónaí ag an eagraíocht as.

## Acmhainní Daonna

**Foireann**

D'eagraigh an BMDP roinnt comórtas náisiúnta earcaíochta maidir le postanna éagsúla i rith na bliana 2005. Ceapadh 17 ball nua foirne i rith na bliana 2005 agus d'ardaigh líon na mball foirne buan san BMDP go dtí 49 dá réir ag deireadh na bliana. Leanfar ag earcú foirne de réir a chéile nuair a théann oiread na hoibre i méid. Tá cúnamh i gcónaí ag foireann an BMDP ón Ionad Seirbhíse.

Ceapadh roinnt ball foirne i ngrádanna níos airde tar éis comórtas a bhí oscailte ag iarrthóirí ón taobh amuigh agus ón taobh istigh. Is léiriú é sin ar an dul ar aghaidh is féidir a dhéanamh sa saol oibre san BMDP i rith na mblianta tosaigh seo agus is deimhniú é ar ardchumas na foirne. Bhí baint ag saineolaí neamhspleách ón taobh amuigh leis na cláir earcaíochta.

### Clár Oiliúna agus Forbartha

Is den riachtanas oiliúint san BMDP maidir le héifeachtacht na heagraíochta. Tuigeann an BMDP go bhfuil obair na heagraíochta ag brath ar chumas agus inniúlacht na foirne a thabhairt chun cinn go dtí na leibhéil is gá chun:

- Obair an phoist a dhéanamh le héifeacht;
- Cur ar a gcumas teacht chun lánábaltachta;
- Sásamh níos fearr a bhaint as an jab; agus
- Dul chun sinn ina saol oibre

Cuireadh Creat Inniúlachta cuimsitheach a dtagann Scileanna Teicniúla, Obair Foirne, Cumarsáid, Bainistíocht de réir Ord Tábhachta agus Fócas ar an gCustaiméir/Geallsealbhóir faoina scáth le chéile do gach ball foirne de chuid an BMDP i rith na bliana 2005, agus tá an creat sin mar chrann taca le plean forbartha an BMDP agus leis na nósanna imeachta a leantar maidir le hearcaíocht sa bhliain 2006.

D'eagraigh an BMDP oiliúint don fhoireann ar fad i réimsí lárnacha agus teicniúla i rith na bliana 2005 chomh maith le clár forbartha bainistíochta arna chur i bhfeidhm ag an BMDP go díreach.

### Párolla

D'athraigh an BMDP an riarachán ar thuarastail ón Roinn Fiontair, Trádála & Fostaíochta go dtí soláthraí seachtrach arna fhostú ag an BMDP go díreach ag deireadh na bliana 2005.

### Saoirse agus Saothar

Rinne an BMDP tástáil phíolótach ar shocruithe oibre solúbtha i rith na bliana 2005 ag díriú ar riachtanais chuimsitheacha na foirne. Tá buntáite dá bharr ag an bhfoireann trí bheith in ann am tosaigh agus críochnaithe an lá oibre a athrú, rud a fhágann smacht níos fearr acu ar an chúrsaí saoirse agus saothair sa saol acu.

### Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an BMDP ag leanacht de thabhairt chun cinn, d'athbhreithniú agus d'oiliúint na foirne ar fad maidir le coinníollacha riachtanacha faoin Acht Sláinte agus Sábháileachta 2005. Chuir an BMDP tús le scéim Scrúdú Sláinte deonach i mí na Nollag 2005 lena raibh deis ag an bhfoireann ar fad dul faoi scrúdú sláinte.

### Comhionannas

Is fostóir chomhionannas deiseanna an BMDP agus táthar dúthrachtach maidir le polasaí comhionannas deiseanna san eagraíocht.

## Seirbhísí Corparáide

Cuireann Seirbhísí Corparáide an tacaíocht is gá ar fáil don ghnó ar fad i réimsí de leithéid:

- Seirbhísí Dlí;
- Gnóthaí Corparáide; agus
- Seirbhísí Airgeadais

## Seirbhísí Dlí

Cuireann foireann seirbhísí dlí an BMDP seirbhís taca iomlán ar fáil don Bhord maidir le cúrsaí dlí, idir na feidhmeanna a leagtar síos dó san Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 a chomhlíonadh nó déanamh de réir ghnéithe eile den dlí. Bainisteoir Dlí agus Oifigeach Dlí atá ar an bhfoireann.

Is é príomhchuspóir atá le hAcht an BDMP Bord a bhunú ar a leagtar de chúram measúnú a dhéanamh maidir le cúiteamh i gcás gortuithe pearsanta, gan gá le himeachtaí dlí a thionscain nuair nach bhfuil aighneas faoi aon cheist dlí á dhéanamh ag Freagróir. Tá dlite ar an mBord measúnú a dhéanamh ar an mbonn céanna, agus de réir na bprionsabal céanna, agus a rialaíonn meas damáistí ag na Cúirteanna faoi dhlí an toirt. Leagtar roinnt feidhmeanna reachtúla ar an mBord chomh maith mar a léirítear in Aguisín 3 leis an tuarascáil seo.

**Athbhreithniú Breithiúnach – O'Brien vs an BMDP**

Ghlac an BMDP de pholasaí chuige féin ón tús comhfhreagras a dhéanamh go díreach leis na hÉilitheoirí agus cóip den chomhfhreagras a sheoladh chuig comhairleoirí na nÉilitheoirí. Rinne Éilitheoir a raibh údaraithe aige don Bhord comhfhreagras a dhéanamh go díreach lena chuid comhairleoirí dlí agóid in aghaidh an pholasaí sin san Ard-Chúirt trí Athbhreithniú Breithiúnach. Éisteadh an agóid sin i rith mhí na Nollag 2004 agus tugadh Breith in aghaidh an Bhoird san Ard-Chúirt i mí Eanáir 2005. Fuarthas go raibh an polasaí comhfhreagras a dhéanamh díreach leis an Éilitheoir agus cóip a sheoladh chuig na comhairleoirí dlí gan barántas sainráite. Tá Achomharc á dhéanamh maidir leis an mbreith leis an gCúirt Uachtarach. Ó tugadh an Bhreith, tá cloíte ag an mBord le téarmaí an chinnidh agus déantar comhfhreagras anois go díreach leis na comhairleoirí dlí nuair a chuirtear in iúl go bhfuil páirt acu san éileamh. Sa chás go bhfostaíonn éilitheoir gníomhaire, is leis an ngníomhaire amháin a dhéileálann an BMDP. I gcás Éilitheoirí nach bhfostaíonn gníomhaire, déileálann an BMDP leis an Éilitheoir go díreach.

## Gnóthaí Corparáide

Straitéis, Taighde, an Rialachas Corparáide a bhfuil an BDMP an-dúthrachtach mar gheall air, Caidreamh le lucht an Phreas agus na Meáin Chumarsáide, chomh maith leis an mbainistíocht ar chlár eolais agus faisnéise saindírithe seachtrach a bhaineann leis an réimse seo.

**Cumarsáid**

Thosaigh an BDMP ar fheachtas cumarsáide leathanréimseach i rith na bliana 2005 dírithe ar thuiscint bhunúsach a thabhairt don phobal i gcoitinne ar an BMDP agus ar oideachas a chur ar gheallsealbhóirí tábhachtacha maidir leis an bpróiseas. Baineadh sin amach trí chur chuige ar bhealaí ilghnéitheacha lenár bhain plé le timpeall is 40 geallsealbhóir tábhachtach mar chuid den phróiseas comhairliúcháin faoin Straitéis, freastal ar imeachtaí/cur i láthair éagsúla i rith na bliana, eolas tábhachtach a chur ar fáil d'Ionaid Eolais don Saoránach, do leabharlanna etc., altanna a fhoilsiú i bhfoilseacháin chuí, eisiúintí agus agallaimh le lucht Preas agus leis na Meáin, agus leas a bhaint as an suíomh idirlín sin againn (www.piab.ie) mar fhoinse fiúntach eolais.

Rinne an BDMP comhairliúchán forleathan i rith na bliana 2005 sula gcuirfí ar fáil an chéad Phlean Straitéise dá chuid a fhoilseofar i rith na bliana 2006. Is i bhfianaise na timpeallachta agus an réimse leathan dúshlán atá roimh an eagraíocht an straitéis a sonraíodh don BMDP chomh maith lena thabhairt san áireamh gur le gairid a bunaíodh é i dtéarmaí cuspóir gnó agus struchtúir. Tháinig an straitéis chun cinn de bharr sraith ceardlann leis an bhfoireann feidhmiúcháin agus le foirne bainistíochta nach iad, chomh maith lena bunú ar an mbunchloch reachtaíochta agus ar an gcuspóir a bhí le bunú an BDMP. Cuirtear trasna leis an straitéis chomh maith a dhaingne agus atá a bhfuil bainte amach go dtí seo agus an forás breise a thiocfaidh san am atá ag teacht.

**Iniúchadh**

Cuirtear feidhm iniúchta inmheánach an PIAB amach ar chonradh do ghnólacht gairmiúil. Ullmhaíodh plean Iniúchta Straitéisigh trí bliana i rith na bliana 2005. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh mar chuid den phlean seo. Léirigh an t-athbhreithniú go bhfuil creat de phróisis agus de nósanna imeachta rialaithe socraithe ag an PIAB, creat a chuirfidh le hiontaofacht na faisnéise airgeadais agus le cosaint sócmhainní.

**Rialachas Corparáide**

Oibríonn an Bord, ina chuid oibre féin agus san úsáid a bhaintear as coistí, de réir phrionsabail Rialachas Corparáide sárchleachtais agus de réir na dtreoirlínte a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais. Ag teacht leis na treoirlínte sin, cloíonn Comhaltaí an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta le Cód Iompair Ghnó do Chomhaltaí Boird. Chomh maith leis sin, ainmníodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 ón 1 Eanáir 2006. Baineann na hAchtanna sin le Comhaltaí an Bhoird agus le baill foirne sinsearacha de chuid an BMDP. Tá an BMDP dúthrachtach ag gach leibhéal, idir leibhéal an Bhoird agus leibhéal an lucht Feidhmiúcháin, maidir le hiompar corparáide den scoth a leanacht.

## Cúrsaí Airgeadais agus Cuntais

**Réamhrá**

Bunaíodh an BMDP ar an 13 Aibreán 2004. Cuireadh tús leis an obair le cásanna Dliteanas Fostóra i mí an Mheithimh agus leanadh ina dhiaidh sin le cásanna Díobhálacha Pearsanta ó dheireadh mhí Iúil ar aghaidh. Tugadh airgead ón Státchiste don BMDP chun cuidiú lena bhunú sa bhliain 2004. Tá sonraí mar gheall air sin ar fáil sna foilseacháin bhliantúla maidir le Meastacháin an Rialtais – Fomhírcheann S3 de Vóta 34 na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. €5 milliún a cheadaigh an Roinn don bhliain 2004 agus €2.5 milliún a ceadaíodh i leith na bliana 2005, rud a léiríonn an leibhéal níos airde ioncaim atá á shaothrú go díreach ag an mBord féin.

Déantar fónamh do chostas oibre an PIAB trí tháillí a ghearradh ar na hÉilitheoirí agus ar na Freagróirí (iad siúd a íocann an cúiteamh) agus trí eagraíocht sholúbtha a rith a bhfuil baint díreach ag an ioncam agus ag an gcaiteachas ann le líon na hoibre.

Tháinig ardú rialta ar an ioncam ó tháillí i rith na bliana 2005, rud is léiriú ar mhéadú ar an obair maidir le héilimh i rith na bliana tar éis thosach na hoibre. Tháinig ioncam de €5.2m ó tháillí i rith na bliana 2005.

Tharla caiteachas de €7.4m i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2005 agus €2.8m de sin ag baint le tuarastail agus costais ghaolmhara agus €4.6m le míreanna neamh-phá (suimeanna sealadacha gan iniúchóireacht orthu).

Cuireann foireann airgeadais an BMDP an creat rialachas airgeadais i bhfeidhm chun treisiú le heagraíocht an BMDP.

**Sliocht as na Ráitis Airgeadais**

Cuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

| | 12 mí go dtí 31.12.2005 €'000's | 8.5 mí go dtí 31.12.2004 €'000's |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Deontas Stáit | 2,500 | 2,000 |
| Aistriú ó/(go dtí) Cuntas Caipitil | 334 | (1,082) |
| Ioncam Táillí | 5,229 | 137 |
| Ús Infhaighte | 14 | 3 |
| Caiteachas de chuid na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta thar ceann an BMDP | - | 2,438 |
| | **8,077** | **3,496** |
| **Caiteachas** | | |
| Tuarastail, Pinsean agus costais ghaolmhara | 2,759 | 1,132 |
| Costais maidir le hÉilimh a Phróiseáil | 1,216 | 427 |
| Costais Chóiríochta agus Bhunaithe | 353 | 108 |
| Táillí & Costais Chomhaltaí an Bhoird | 83 | 41 |
| Earcaíocht, Oiliúint & Oideachas | 46 | 85 |
| Eolas, Taighde & Cumarsáid | 195 | 157 |
| Costais Dlí agus Táillí Lucht Gairme eile | 1,086 | 773 |
| Riarachán Ginearálta, TE & Costais Teileachumaráide | 1,348 | 317 |
| Dímheas | 292 | 319 |
| | **7,378** | **3,359** |
| **Farasbarr Ioncaim i gcomparáid le Caiteachas** | 699 | 137 |
| Aistriú go dtí an Cúlchiste Ginearálta | (250) | - |
| | **449** | **137** |

Níl aon ghnóthachan ná caillteanas ag baint leis an mBord seachas iad sin a thugtar san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

*Nóta – Suimeanna sealadacha gan iniúchóireacht déanta orthu iad suimeanna na bliana 2005. Is as ráitis airgeadais na bliana 2004 a bhfuil iniúchóireacht déanta orthu sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na suimeanna comparáide a luaitear maidir leis an mbliain 2004 agus léiríonn siad sin na bearta airgeadais i rith na tréimhse ón Lá Bunaithe go dtí an 31 Nollaig 2004.*

# AGUISÍN 1 – RÁITEAS FAOIN GCÓRAS RIALÁIL AIRGEADAIS INMHEÁNACH

## Freagracht maidir leis an gCóras Rialáil Airgeadais Inmheánach

Admhaím, thar ceann Bhord an BMDP go bhfuil de fhreagracht ar an mBord a chinntiú go bhfuil córas rialáil airgeadais inmheánach éifeachtach i bhfeidhm agus á oibriú aige.

Is cinnteacht réasúnta agus ní cinnteacht iomlán a thugann a leithéid de chóras rialála airgeadais maidir le hearráid ábharach a sheachaint. Tugtar cinnteacht réasúnta leis an gcóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, bearta airgeadais a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go seachnaítear earráidí nó míréir ábharach nó go dtabharfaí faoi deara go tráthúil iad.

## Príomhghnásanna Rialála

Tá beart déanta ag an mBord chun córas rialála cuí a chinntiú:

- trí chúraimí bainistíochta a leagan amach go soiléir;
- trí nósanna imeachta foirmiúla a fhorbairt a leagan síos chun aon teip shuntasach sa rialáil a thabhairt chun airde agus cinntiú go dtarlaíonn beart ceartaithe cuí;
- trí Choiste Iniúchóireachta a bhunú chun comhairle a chur ar an mBord maidir lena chuid dualgaisí i leith an chóras rialáil airgeadais inmheánach a chomhlíonadh.

Tá an BMDP ag leanacht den fhorbairt agus den fheabhsú ar phróisis bainistíochta d'fhonn baol don ghnó a thabhairt faoi deara agus a mheas:

- trí chineál, oiread agus thionchar ionchais an bhaoil a bheadh ann don bhord a shonrú lena n-áirítear oiread agus catagóirí an bhaoil is dóigh leis a bheith inghlactha;
- trína dhócha go dtitfeadh amach de réir an bhaoil a shonraítear a mheas;
- trí chumas an Bhoird bainistiú agus maolú a dhéanamh ar an mbaol a tharlódh a mheas;
- tríd an gcostas a bhaineann le bearta áirithe rialála a mheas i gcomhréir leis an mbuntáiste a thagann uathu a mheas.

Tá an córas rialáil airgeadais inmheánach bunaithe ar chreat d'eolas bainistíochta rialta, ar ghnásanna riaracháin lena n-áirítear idirdhealú idir na dualgais agus ar chóras maidir le gnásanna dealagáidithe agus freagrachta. Tá na gnéithe seo a leanas i gceist go háirithe:


- córas buiséadaithe cuimsitheach lena mbaineann buiséad bliana agus athbhreithniú agus aontú á dhéanamh air ag an mBord trí Choiste Airgeadais an Bhoird;
- ráitis sreabhadh airgid de réir na míosa chomh maith le hanailís ar mhórchatagóirí ioncaim agus caiteachais a ndéanann Coiste Airgeadais an Bhoird athbhreithniú orthu;
- córas cuntasaíochta airgeadais a chur i bhfeidhm – tá córas bhogearra ríomhaireachta curtha sa siúl ag an mBord lena mbaineann pacáiste cuntasaíochta mar áis maidir le rialáil airgeadais inmheánach.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus comhlacht iniúchóirí gairmiúla neamhspleách ceaptha ag an mBord chun tabhairt faoi chúram na hiniúchóireachta inmheánaí. Déantar cúram na hiniúchóireachta inmheánaí de réir an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tagann obair na hiniúchóireachta inmheánaí faoi anáil anailís ar an gcontúirt a mbeadh an BDMP ina bhaol. Tá Coiste Airgeadais bunaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar an mbuiséadú agus chun maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais go ginearálta. Aontaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís ar an mbaol agus na pleananna iniúchóireachta inmheánaí a bhíonn faoi réir ag a nglacadh ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus ag a gceadú ag an mBord.

## Athbhreithniú Bliantúil ar na Bearta Rialála

Deimhním go ndearnadh athbhreithniú foirmeálta, mionsonraithe ar éifeachtacht an chóras rialáil airgeadais inmheánach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005. Rinne an Bord an t-athbhreithniú ar an 16 Márta 2006. Dearbhaíodh leis an athbhreithniú go bhfuil creat próiseas agus nósanna imeachta rialála curtha ar bun ag an BMDP a chuirfidh le hiontaofacht an eolas airgeadais agus le cosaint na sócmhainní.

Arna shíniú thar ceann Chomhaltaí an Bhoird ag



**Dorothea Dowling**
Cathaoirleach
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

## AGUISÍN 2 – REACHTAÍOCHT PHRÍOMHÚIL AGUS THÁNAISTEACH LENA RIALAÍTEAR AN BORD

Seo a leanas liosta maidir leis an reachtaíocht phríomhúil a bhfeidhmíonn an Bord faoina scáth. Tugadh isteach dhá leasú beag ar an bpríomhacht (Acht na bliana 2003) leis an Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004.

- An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003
- An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004

Seo a leanas liosta den reachtaíocht thánaisteach maidir le bunú agus tosach feidhme an Bhoird maille le Rialacha an Bhoird agus Rialacháin faoi Tháillí an Bhoird.

- IR Uimh 155 den bhliain 2004 Ordú an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 (Tosach Feidhme) 2004
- IR Uimh 156 den bhliain 2004 Ordú an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 (Lá Bunaithe) 2004
- IR Uimh 219 den bhliain 2004 Rialacha an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2004
- IR Uimh 251 den bhliain 2004 Rialacháin an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) 2004
- IR Uimh 252 den bhliain 2004 Ordú an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 (Tosach Feidhme) (Uimh. 2) 2004
- IR Uimh 438 den bhliain 2004 Ordú an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 (Tosach Feidhme) (Uimh. 3) 2004
- IR Uimh 517 den bhliain 2004 Rialacha na nUaschúirteanna (An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003), 2004
- IR Uimh 542 den bhliain 2004 Rialacha na Cúirte Cuarda (Uimh. 1) (An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003), 2004
- IR Uimh 526 den bhliain 2004 An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 Foirmeacha 46C.1, 46C.2 agus 7.6
- IR Uimh 264 den bhliain 2006 Rialacháin an Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2006

## AGUISÍN 3 – FEIDHMEANNA AN BHORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA

Tá de dhualgas ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta Measúnuithe a dhéanamh ar an mbonn céanna, agus trí thagairt do na pionsabail chéanna, agus atá i bhfeidhm maidir le meas damáistí faoi dhlí an toirt sna Cúirteanna. Tá próiseas an PIAB bunaithe go hiomlán ar fhaisnéis, taifid nó cáipéisí eile a chur ar fáil agus ní reáchtálann an Bord aon éisteachtaí ó bhéal.

Leagtar na feidhmeanna reachtúla seo a leanas de chúram ar an BMDP chomh maith:

- cáipéis (ar a dtabharfar an "Leabhar Cainníochta") a ullmhú agus a fhoilsiú ina gcuimseofar treoirlínte ginearálta maidir leis na suimeanna is féidir a dhámhachtain nó a mheasúnú maidir le cineálacha áirithe díobhála,
- a thabhairt go ndéantar anailís de réir costais agus buntáiste ar na nósanna imeachta dlí agus ar na próisis ghaolmhara (ar a n-áirítear iad sin a bhforáltar dóibh san Acht) atá in úsáid sa Stát faoi láthair chun críche cúiteamh i ngeall ar dhíobhálacha pearsanta a dhámhachtain,
- sonraí maidir le suimeanna dhámhachtana i ngeall ar, nó arna n-aontú mar shocraíocht i gcás, imeachtaí sibhialta lena mbaineann an tAcht a thiomsú agus a chur faoi anailí, agus
- aon fheidhm eile a leagtar ar an mBord faoi alt 55 an Achta a dhéanamh.

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta – An tÉileamh sin agatsa –
An Uimhir sin againne  1890 829 121

Bosca OP 8, Cloch na Coillte, Co Chorcaí
LóGhlao 1890 829 121
www.piab.ie